

## Ag cuidiú le do pháiste óg leis an matamaitic

Bíonn do pháiste ag foghlaim faoin mhatamaitic ón lá a saolaítear é/í. Tá an mhatamaitic i ngach áit mórtimpeall orainn. Cuidíonn tú le do pháiste sa mhatamaitic trí chaint leis/léi agus trí ligean do/di páirt a ghlacadh in imeachtaí laethúla: dul go dtí an siopa, cócaireacht nó fiú an bord a leagan. Gníomhaíochtaí ar nós rannta simplí a aithris, é/í féin a g(h)léasadh, sealáíocht a dhéanamh, nó cluichí rólghlactha a imirt ag ligean air/uirthi go bhfuil sé/sí ag obair in oifig an phoist nó i mbialann, cuidíonn siad seo ar fad le do pháiste uimhreas, patrúin, cruthanna, tomhais agus sórtáil a thuiscint. Is féidir leat cuidiú le do pháiste fadhbanna matamaitice a réiteach gach lá nuair a bhíonn milseáin á roinnt agaibh, mar shampla, nó nuair a bhíonn sibh ag seiceáil go bhfuil scian agus forc ag gach duine ag am dinnéir, nó nuair a bhíonn páipéar á thomhais agaibh le cur thart timpeall ar bhronntanas. Fiú tar éis do do pháiste tosú ar scoil bíonn ról ar leith fós agatsa cuidiú leis nó léi an mhatamaitic a thuiscint agus taitneamh a bhaint aisti. **Seo roinnt noda duit faoi conas sin a dhéanamh.**



- Tabhair soithigh do do pháiste le súgradh leo. Bí ag caint fúthu: *folamh/lán* nó *tógann sé níos mó/níos lú ná*. Bain triail as *bácáil*, *súgradh le gaineamh/uisce* nó gníomhaíochtaí cosúla eile.
- Spreag do pháiste chun slacht a chur ar na bréagáin. Cuir bréagáin i gcomparáid lena chéile: *níos troime/éadroime, níos mó/lú*.
- Cruthaigh pátrúin le *cnaipí* nó le *pionnaí éadaigh*. Smaoinigh ar phátrúin bunaithe ar *dhath, mhéid, chruth*.
- Abraigí rannta simplí le chéile: *sé luch bheaga, Aon dó, capall is bó*.
- Tabhair rudaí matamaiticiúla do do pháiste le súgradh leo: *miosúir, rialóirí, fóin, uaireadóirí, crúiscíní* nó *scálaí*.
- Féach ar an glog: *tá sé in am scoile/luí*.

- Iarr ar do pháiste cuidiú leat rudaí a shórtáil: *stocaí a mheaitseáil* nó *rudaí a chur sa chuisneoir/chófra*.
- Féach ar chruthanna: *cé mhéid ciorcal a fheiceann tú sa chistin? Cad iad na cruthanna atá sa ghairdín? Breathnaigh ar leabhair agus aimsigh cruthanna éagsúla*.
- Díreach aird do pháiste ar *laethanta na seachtaine* agus *am an lae*: *inniu, inné, amárach, maidin, oíche*.
- Féach ar uimhreacha: *ar ghluaisteáin, ar bhusanna, ar thithe nó i siopaí*. Eagraigh tóraíocht uimhreacha - *cé a aimseoidh an méid is mó uimhreacha?*
- Déan do pháiste a thomhais: *Cé chomh hard atá sé/sí? Cén uimhir bróg a thógann sé/sí? Úsáid focail ar nós: mór/beag, leathan/caol, ard/íseal*.
- Imir cluichí comhairimh: *ag comhaireamh suas agus síos an staighre*, Imir cluichí díisle simplí: *Nathracha is dréimírí, Biongó nó Cleas na bacóide (Hopscotch)*.
- Tarraing nó déan cruthanna ag baint úsáide as *gaineamh, pasta, criáin* nó *cairtchlár*. Plé na cruthanna: *cearnóg/ciorcal, línte díreacha/cuartha*.
- Déan siopa bréagach le boscaí bia agus cannaí. Is féidir fíorairgead nó airgead bréagach a úsáid. Labhair faoi: *Cé mhéid? Cén costas? Cén sóinseáil a fuaireamar?*

